**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/766 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1 Márta 2024**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcoigilteas $CO_2$ agus an chorrlaigh staidrimh le haghaidh gluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha nach feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach iad**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Iúil 2023, chuir an monaróir BMW AG ('an t-iarratasóir') iarraidh isteach i gcomhréir le hAirteagal 12a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 725/2011 ón gCoimisiún ([2]) is infheidhme ón dáta sin maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1119 ón gCoimisiún ([3]) a leasú chun ríomh na gcoigilteas $CO_2$ agus an chorrlaigh staidrimh le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha nach feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach iad a chur in oiriúint don mhodheolaíocht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([4]).

(2) Le Rialachán (AE) 2017/1151, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/443 ón gCoimisiún ([5]), déantar foráil maidir le cur chuige malartach chun éagothroime luchtaithe ceallraí feithiclí leictreacha hibrideacha áirithe nach bhfuil inluchtaithe go seachtrach a cheartú, ar cur chuige é a bhraitheann ar fhachtóir astaíochta cineálach de réir an chineáil innill. D'iarr an t-iarratasóir go gceadófaí dó an cur chuige sin a úsáid chun an coigilteas $CO_2$ a ríomh agus chun an corrlach staidrimh le haghaidh na teicneolaíochta nuálaí a formheasadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 a ríomh.

(3) Agus na hargóintí a chuir an t-iarratasóir i láthair á gcur san áireamh, is iomchuí an mhodheolaíocht tástála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 a mhodhnú chun a áirithiú nach mbeidh ualach tástála neamhriachtanach ar mhonaróirí feithiclí a chuireann an cur chuige malartach a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/443 i bhfeidhm agus iarratas á dhéanamh acu ar dheimhniú na gcoigilteas $CO_2$ i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119.

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 725/2011 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2011 lena mbunaítear nós imeachta maidir le teicneolaíochtaí nuálaíocha a cheadú agus a dheimhniú i ndáil le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 26.7.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/725/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 maidir le formheas soilse seachtracha éifeachtúla feithiclí a úsáideann dé-óidí astaithe solais agus atá lena n-úsáid i bhfeithiclí innill dócháin inmheánaigh agus i bhfeithiclí leictreacha hibrideacha nach féidir a luchtú go seachtrach mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 176, 1.7.2019, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1119/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1151/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2023/443 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1151 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um chineálcheadú astaíochtaí le haghaidh feithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (IO L 66, 2.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/443/oj).

(4) Cé gur iarr an t-iarratasóir úsáid a bhaint as an gcur chuige malartach bunaithe ar éifeachtúlacht ailtéarnóra 0,67, is iomchuí an cur chuige a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1151 a leanúint go comhsheasmhach agus éifeachtúlacht ailtéarnóra 1 a chur i bhfeidhm chun coigilteas $CO_2$ agus an corrlach staidrimh a chinneadh, agus an mhodheolaíocht tástála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 a oiriúnú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 ón gCoimisiún mar a leagtar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2019/119 mar a leanas:

1. i bpointe 4.1.2., cuirtear an mhír seo a leanas leis:

   'De rogha air sin, ar iarraidh a fháil ón monaróir, déanfar coigilteas $CO_2$ iomlán an phacáiste soilsithe a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i bpointe 4.1.1., agus socrófar an chomhéifeacht $\eta_A$ ag 1.';

2. i bpointe 4.2.2., cuirtear an mhír seo a leanas leis tar éis Fhoirmle 9:

   'Má chuirtear an mhodheolaíocht dá dtagraítear i bpointe 4.1.2, an mhír dheireanach, i bhfeidhm, déanfar corrlach staidrimh an phacáiste soilsithe a ríomh i gcomhréir le pointe 4.2.1., agus socrófar an chomhéifeacht $\eta_A$ ag 1.'.